

Ceardlann **FÓCAS AR AN BHFOGHLAIM**
02 CEISTIÚ
ÉIFEACHTACH

Nóta chuig éascaitheoirí

Cad é aidhm an leabhráin seo?

Is cuid é seo de thacar de cheithre leabhrán atá ceaptha chun cleachtas do mhúinteoirí in Éirinn a fhorbairt. Cé gur le haghaidh múinteoirí atá bainteach le foráis sa tsraith shóisearach é, is féidir an t-ábhar agus na cuir chuige a úsáid trasna na n-earnálacha ar fad. Tá sé beartaithe go n-úsáidfí an tacar leabhrán agus na hábhair a bhaineann leo ar dhóigh sholúbtha a ligeann do mhúinteoirí réimse cuir chuige a thriail a chabhróidh leo cur chuige comhleanúnach a fhorbairt i leith an mheasúnaithe.

Conas a úsáidtear an leabhrán seo?

Is féidir le scoileanna a roghnú conas an t-ábhar a úsáid agus a oiriúnú ar bhealach ar bith a fhoireann dá gcomhthéacs féin. Moltar go dtosófa leis an **láithreoireacht sleamhnán**. Is féidir ansin gur chabhair agat na céimeanna a leanúint atá tugtha thíos nó is féidir leat do phlean ceardlainne féin a fhorbairt. Is é is cuspóir do na hacmhainní seo plé iomlán foirne agus plé ábharbhunaithe a éascú. Sa chás gur féidir, mholfaimis go n-úsáidfí an t-ábhar ar bhonn na scoile uile mar go léiríonn fianaise taighde gur dócha go leabóidh athruithe i gcleachtas measúnaithe má thugtar isteach iad ar bhonn córasach trasna na scoile uile.

Má tá tú rún agat ceardlann a éascú le baill foirne, breathnaigh ar dtús ar Threoir an Éascaitheora is féidir a íoslódáil ag www.juniorcycle.ie/assessment

Céim 1

Is féidir an láithreoireacht sleamhnán a úsáid chun *ceistiú éifeachtach* a thabhairt isteach le grúpa iomlán foirne. Sa sleamhnán deireanach sa láithreoireacht tá roinnt leideanna le haghaidh plé foirne bunaithe ar phríomhtheachtaireachtaí na láithreoireachta.

Céim 2

Tar éis na láithreoireachta seo moltar go dtugtar deis don fhoireann breathnú ar an bhfiseán gairid ina bhfuil Paul Black ag caint ar cheistiú éifeachtach.



Fiseán ar 'Cheistiú Éifeachtach', le Paul Black
(8 nóiméad)

Leidcheisteanna le haghaidh plé foirne

San fhiseán seo déanann an tOllamh Black roinnt ráiteas faoi cheistiú éifeachtach. Pléigh chomh cóngarach is atá na ráitis seo don chleachtas agat féin:

Baineann sé le conas a ullmhaíonn tú, faigheann tú ceist is fiú a chur chun plé a thosú.

Is é cuspóir na ceiste tús a chur le plé. Ní bhaineann sé le freoga ceart a fháil.

Sa phlé is féidir le mhúinteoirí rud éigin a fhoghlaim faoin rud atá déanta ag scoláirí go dtí seo ... cad iad na smaointe atá acu cheana féin agus tógáil a dhéanamh orthu sin ... in áit tosú le rud éigin nach mbaineann lena gcuid smaointeoireachta.

Cad iad na príomhdhúshláiín agus na príomhthairbhí a bhaineann le cleachtas ceistiú éifeachtach sa seomra ranga?

Gluais Leathanaigh



Bileoga oibre

Úsáidtear an tsiombail seo a leanas síos tríd an leabhrán chun gníomhaíochtaí agus bileoga oibre a thaispeáint is féidir a fhótachóipeáil le húsáid i gceardlann.

Céim 3

Tar éis plé ar na cúrsaí sin is féidir leat anois na hábhair cheardlainne sa leabhrán seo a fhiosrú. Is féidir dul i gceann na ngníomhaíochtaí seo agus tabhairt fúthu in ord ar bith a oireann do chomhthéacs na scoile. Ní gá ná níl sé beartaithe go dtéitear i gceann na ngníomhaíochtaí san ord ina gcuirtear i láthair sa leabhrán iad.

Céim 4

Priontáil cártaí ráiteas finné, pléchártaí agus póstaer. Is féidir na cártaí a úsáid chun tuilleadh plé agus smaointeoireachta a spreagadh. Is féidir na póstaer a chur ar taispeáint ar fud an tseomra chun na príomhtheachtairéachtaí a dhaingniú agus chun cabhrú leis an bhfoireann tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcleachtas sa réimse seo.

Spreag an fhoireann chun dul i ngleic leis an ábhar atá molta sa rannán léitheoireachta.



Thosaigh mé ag machnamh dáiríre ar na cineálacha ceisteanna a bhí mé a chur – an é gur cheisteanna iad nach n-éileodh ach freagraí aon fhocail amháin, cad é a bhí á thástáil acu – eolas nó tuiscint, an raibh mé ag tabhairt go leor ama don rang chun an cheist a fhreagairt, an raibh mé ag glacadh go tapa leis an bhfreagra ceart, an raibh mé ag iarraidh ar na scoláirí an freagra a mhíniú, conas a bhí mé ag déileáil leis an bhfreagra contráilte? Nuair a stad mé chun smaoinemh mar is ceart, thuig mé go bhféadfainn difear an-mhór a dhéanamh d'fhoghlaim na gcailíní ach úsáid a bhaint as a gcuid ceisteanna agus a gcuid freagraí uile chun luas agus ábhar an cheachta a rialú.

Gwen, múinteoir



Gníomhaíocht 1

Conas atá ag éirí linn?

Bí ag obair i d'aonar nó le páirtí agus ansin pléigh a fheabhas a d'fhorbair tú do chleachtas ranga trí intinní foghlama a úsáid.

Cuir soilse tráchta le do fhreagraí ar na ceisteanna thíos ag úsáid an chóid seo:


I gcónaí



Uaireanta



Riamh



Déanaim machnamh ar na ceisteanna atá mé ag dul a chur sa rang agus pleanálaim ceist fhíormhaith amháin nó dhá cheann do gach ceacht.



Cuirim ceisteanna a thugann dúshlán na scoláirí agus a thugann orthu páirt a ghlacadh.



Sula dteagascaim topaic nua úsáidim ceisteanna chun an t-eolas agus an tuiscint atá ag na scoláirí cheana a mheas.



Cuirim ceisteanna a thugann ar scoláirí an t-eolas agus an tuiscint atá acu faoi láthair a úsáid chun tuiscint nua a chruthú.



Cuirim ceisteanna chun smaointeoireacht chruthaitheach agus smaointeoireacht ghrinn a spreagadh.



Déanaim iarracht gan an iomarca ceisteanna dúnta a chur.



Cuirim am ar fáil do smaointeoireacht tar éis ceist a chur sa rang.



Caith roinnt nóiméad ag insint do chuid smaointe do chomhghleacaí.



Cad é an bhaint atá ag ceistiú le measúnú?

Luann an *Creat don tSraith Shóisearach* go ndireoidh measúnú ar thacú leis an bhfoghlaim. Chun tacú le foghlaim is gá dúinn fios a bheith againn cad é atá scoláirí a smaoineamh.

Tugann taighde le fios (Mason.J., Watson. A.) má tá a fhios againn cad é atá páistí a smaoineamh is féidir linn cuid mhór a fháil amach faoi conas atá siad ag foghlaim agus cad é atá siad a fhoghlaim. Chuige sin is gá dúinn ceisteanna a chur

- atá spéisiúil, atá dúshlánach nó a spreagann scoláirí chun páirt a ghlacadh
- a mheasann réamheolas agus réamhthuiscint
- a úsáideann tuiscint atá ann faoi láthair chun tuiscint nua a chruthú
- a dhíríonn smaointeoireacht ar phríomhchoincheapa
- a chuireann le smaointeoireacht foghlaimeoirí agus a dhoimhníonn í
- a chuireann smaointeoireacht foghlaimeoirí chun cinn faoin mbealach a fhoghlaimíonn siad

Ceistiú éifeachtach is fearr a chabhraíonn leis an bhfoghlaim

Tá achoimre sa tábla thíos ar thorthaí taighde agus tugtar le tuiscint inti na gnéithe a bhaineann le ceistiú éifeachtach agus ceistiú mí-éifeachtach. Is é sprioc na ceardlainne seo cabhrú leat ceisteanna níos éifeachtaí a chur chun gur féidir leat tacú leis an bhfoghlaim i do sheomra ranga

Seo ceisteanna atá mí-éifeachtach	Seo ceisteanna atá éifeachtach
gan phleanáil agus gan aon chuspóir soiléir	pleanáilte agus bainteach leis na hintinní foghlama
dúnta den chuid is mó	oscailte den chuid is mó
gan am feithimh a bheith tugtha	am feithimh a bheith ag gabháil leo
ceisteanna mar 'Tomhais cad é atá ar m'intinn'	ceisteanna ina gceadaíonn an múinteoir comhoibriú roimh fhreagairt
drochsheicheamh a bheith orthu	ceisteanna atá grádaithe de réir deacrachta
níl ag teastáil ón múinteoir ach an freagra	spreagann an múinteoir foghlaimeoirí chun a gcuid freagraí a mhíniú agus seasamh leo
ní bhíonn ach roinnt bheag scoláirí páirteach	glacann gach scoláire páirt m.sh. ag úsáid mionchláir bhána, nó ag ceistiú a chéile
déantar neamhaird de fhreagraí nach bhfuil ceart	glactar le freagraí cearta agus míchearta agus tógtar orthu
an múinteoir a chuireann na ceisteanna uile	cuireann scoláirí ceisteanna chomh maith



Gníomhaíocht 2

Ceistiú a dhéanamh níos éifeachtaí

Le linn duit a bheith ag pleanáil ceistiú níos éifeachtaí tá sé ina chúnadh díriú ar cén fáth a bhfuil tú ag cur na ceiste sa chéad dul síos. Léiríonn an tábla thíos roinnt den iomad cuspóirí atá le ceisteanna a chur sa seomra ranga.

Cuspóir na ceiste	Samplaí
Chun scoláirí a spreagadh le machnamh ar a dtuiscint ar choincheapa.	<ul style="list-style-type: none"> • Cad é an smaoineamh is tábhachtaí ó phlé an lae inniu? • An féidir leat an coincheap a mhíniú i do chuid focal féin? • In áit 'an dtuigeann tú? Abair 'Tabhair sampla dom chun go mbeidh a fhios agam go dtuigeann tú'.
Chun a iarraidh ar scoláire ráiteas doiléir a shoiléiriú	<ul style="list-style-type: none"> • An ndéarfaidh tú beagán níos mó ar an bpointe sin? • An dtabharfaidh tú tuilleadh mínithe?
Chun scoláirí a spreagadh chun tuairimí, luachanna agus mothúcháin a fhiosrú	<ul style="list-style-type: none"> • Cad iad na luachanna nó na tuairimí a thacaíonn leis an argóint seo? • Cad é a raibh tionchar aige ar an rud a mhothaíonn tú/ a chreideann tú faoin topaic?
Chun scoláirí a spreagadh chun coincheap a fheiceáil ó dhearcadh eile	<ul style="list-style-type: none"> • Cad é an dearcadh ar an gceist seo, dar leat, a bheidh ag daoine nach n-aontaíonn tú leo? • Samhlaigh conas a d'fhéadfadh sé sin feidhmiú i gcás eile nó le fadhb eile?
Chun scoláirí a spreagadh chun tacú lena ndearbhuithe agus a léirmhínte	<ul style="list-style-type: none"> • Conas atá sé sin ar eolas agat? • Cad é a thug ort teacht ar an gcinneadh sin? • Cá bhfuil an fhianaise? An bhfuil sí iontaoifa?
Chun scoláirí a spreagadh chun freagairt dá chéile	<ul style="list-style-type: none"> • Cad é an bharúil atá agat ar an smaoineamh a nocht do pháirtí ranga? • An aontaíonn tú leis nó an bhfuil dearcadh eile agat ar an gceist? Mínigh.
Chun cur le smaointeoireacht scoláirí agus í a dhoimhniú	<ul style="list-style-type: none"> • Cad iad na tuiscintí is cúis le do smaointeoireacht? • Cad é/cé a raibh tionchar aige ar do smaointeoireacht?
Chun a iarraidh ar scoláirí na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann a thuar	<ul style="list-style-type: none"> • Cad é a tharlódh dá... • Cad iad roinnt de na hiarmhairtí is féidir a bheith le...? • Cad é an toradh a bheadh ann dá n-úsáidí tacar eile toimhdí chun an turgnamh seo a chur ar bun?
Chun scoláirí a spreagadh chun eolas a nascadh agus a eagrú	<ul style="list-style-type: none"> • Conas a shoiléiríonn sé sin an coincheap a ndearna muid staidéar air an tseachtain seo chuaigh thart? • An féidir leat graf nó tábla a fhorbairt a eagraíonn an t-eolas seo ar bhealach cuidiúil?
Chun a iarraidh ar scoláirí prionsabal nó foirmle a chur i bhfeidhm	<ul style="list-style-type: none"> • Conas a chuirtear an prionsabal seo i bhfeidhm sa chás seo? • An bhfuil barúil ag aon duine conas a d'úsáidimis an foirmle nua seo chun an fhadhb a fhuascailt a rinne muid a iniúchadh ar ball?
Chun a iarraidh ar scoláirí coincheap a léiriú le sampla	<ul style="list-style-type: none"> • An féidir leat smaoineamh ar shampla de sin, bunaithe ar do thaithí féin? • An féidir leat mír ar leith den úrscéal a lua a léiríonn an téama seo? • An féidir leat pictiúr nó dearadh a roghnú atá ina eiseamláir ar an smaoineamh sin?

B'fhéidir gur mhaith libh obair a dhéanamh in bhur ngrúpaí ábhar don ghníomhaíocht seo

Ar dtús, socraigh ar chuspóir do cheiste, ansin cruthaigh *ceist éifeachtach*. Sa deireadh pléigh an cineál foghlama a chothóidh an cheist i seomra ranga. B'fhéidir gur chúnadh duit cártaí ráiteas finné 1-3 mar go dtugann siad samplaí ó mhúinteoirí eile atá ag obair chun feabhas a chur ar an gceistiú atá acu sa seomra ranga.



Gníomhaíocht 3

Tacsanomaíocht Bloom a úsáid chun tacú le ceistiú

Meabhraigh conas a d'fhéadfá na fréamhacha ceiste seo a úsáid agus a chur in oiriúint le cabhrú leat na cineálacha ceiste a chuireann tú sa seomra ranga a dhéanamh níos éagsúla.

Scileanna Smaointeoireacht Chriticiúil

1 Eolas Faisnéis a aithint agus a thabhairt chun cuimhne	sainmhíniú líon an bhearna liostaigh sainaithean	lipéadaigh láimhsigh meaitseáil cuir de ghlanmheabhair	ainmnigh tabhair chun cuimhne litrigh	luaigh inis aibhsigh
	Cé _____ ? Cad é _____ ? Cén áit _____ ? Cén uair _____ ?		Conas _____ ? Cuir síos ar _____ ? Cad é é _____ ?	
2 Tuiscint Fíricí agus smaointe a eagrú agus a roghnú	iompaigh cuir síos ar mínigh	léirmhíniú cuir athleagan ar cuir in ord	athluaigh athinis i d'fhocail féin athscríobh	achoimrigh rianaigh aistrigh
	Athinis _____ i d'fhocail féin. Cad é príomhsmaoineamh _____ ?		Cé na difríochtaí atá idir _____ ? An féidir leat breac-chuntas gairid a thabhairt?	
3 Feidhmiú Fíricí, rialacha agus príonsabail a úsáid	cuir i bhfeidhm ríomh déan amach cuir le chéile	léirchruthaigh socraigh tarraing faigh amach	tabhair sampla léirigh cruthaigh oibrigh	taispeáin réitigh luaigh riail nó príonsabal bain úsáid as
	Cén chaoi a bhfuil _____ ina shampla de _____ ? Cén chaoi a bhfuil _____ bainteach _____ ? Cén fáth a bhfuil _____ tábhachtach?		An bhfuil a fhios agat cás eile ina _____ ? An bhféadfadh sé sin tarlú in _____ ?	
4 Anailísiú An t-iomlán a scaradh ina chomhchodanna	anailísigh catagóirigh rangaigh déan comparáid	déan codarsnacht pléigh bain de thátaí as oibrigh amach na tosca	déan léaráid idirdhealaigh déan scagadh déan amach	scrúdaigh infeirigh sonraigh
	Cad iad na codanna nó na gnéithe de _____ ? Rangaigh _____ de réir _____ . Déan imlíne/léaráid/eangach/mapa de _____ .		Conas atá ____ci gcomparáid/i gcontrárthacht le ____ ? Cén fhianaise is féidir leat a thabhairt le haghaidh ____ ?	
5 Sintéisiú Smaointe a nascadh chun rud iomlán nua a chruthú	athraigh comhcheangail cum tóg cruthaigh dear	aimsigh caoi neamhghnách foirmligh gin/ceap fionn tionscain pleanáil	tuar cuir i gcéill táirg athchóirigh atóg atheagraigh	athbhreithnigh mol cuir i gcás léirshamhlaigh scríobh
	Cad é a thuarfá/a thomhaisfeá ó _____ ? Cé na smaointe a thig leat a chur le _____ ? Cad é mar a chruthófá/dhearfá _____ nua?		Cé na réití a mholfá le haghaidh _____ ? Cad é a d'fhéadfadh tarlú dá nascfá _____ le _____ ?	
6 Meastóireacht Tuairimí, breithiúnais, nó cinntí a fhorbairt	tabhair breithmheas ar roghnaigh cuir i gcomparáid socraigh	cinn ar cosain déan meastóireacht ar tabhair do bharúil	tabhair breith ar tabhair údar le cuir in ord tosaíochta rangaigh	rátáil roghnaigh tacaigh le meas do
	An aontaíonn tú go _____ ? Mínigh. Cad é a shíleann tú faoi _____ ? Cad é is tábhachtaí?		Cuir _____ in ord tosaíochta de réir _____ ? Conas a dhéanfá cinneadh faoi _____ ? Cé na critéir a bheadh agat chun _____ a mheas?	

Creidiúint - <http://www.teachthought.com/wp-content/uploads/2013/09/blooms-question-stems.jpg>

Le haghaidh tuilleadh smaointe ar an gcaoi chun tacsanomaíocht Bloom a nascadh le ceistiú sa seomra ranga agus le cuir chuige mheasúnaithe téigh chuig <http://www.bloomstaxonomy.org/Blooms%20Taxonomy%20questions.pdf>

Gníomhaíocht 4

Scoláirí a spreagadh le bheith ina gceisteoirí níos fearr

Molann Warren Berger nuair a bhíonn múinteoirí ag obair laistigh de chóras oideachais freagra-bhunaithe, ní mór do mhúinteoirí dul as a slí chun coinníollacha a chruthú a bheidh fabhrach don cheisteoireacht. Tugann sé roinnt moltaí ar an gcaoi chun níos mó ceisteoireachta a spreagadh sa seomra ranga agus le cúnamh Dé, níos faide anonn. Meabhraigh orthu sin agus ansin déan machnamh ar smaointe eile a thiocfadh leat a chur leo a bhaineann le d'ábhar féin.

	Smaoineamh amháin...	Smaointe eile...
<p>Déan sábháilte é</p> <p>Amanna bíonn eagla ar scoláirí ceist a chur, mar sin de caithfidh múinteoirí “an script a mhalartú” ar chaoi éigin trí thimpeallacht a chruthú ina bhfeictear ceistiú ina láidreacht: ina gcuirtear fáilte roimhe agus ina mbítear á iarraidh.</p>	<p>Déan amach tascanna atá tiomanta go hiomlán do cheisteanna a cheapadh (ní cheadaítear freagraí!) le rialacha agus treoracha soiléire lena chinntiú nach ndéantar breithiúnas nó eagarthóireacht ar cheisteanna scoláirí, agus go scríobhtar síos gach ceist agus go mbíonn meas orthu. Mar shampla, iarr ar scoláirí ina ngrúpaí beaga teacht aníos le 10 gceist iontacha faoi thopaic i dtréimhse 10 nóiméad.</p>	
<p>Léirigh an próiseas tú féin</p>	<p>Lig do na scoláirí tú a chloisteáil agus tú ag ceapadh agus ag oibriú trí cheisteanna os ard agus dá réir sin do phróisis smaointeoireachta a dhéanamh soiléir. Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoir a rá 'Anois, déanaimis cíoradh air seo le chéile' nó 'Tá mé ag fiafraí cad é a tharlódh dá...' nó 'Cérbh é an ceannaire ab fhearr?... Tá mé ag ceapadh go gcaithfidh mé a bheith soiléir cad é atá i gceist agam le 'is fearr' sula dtig liom teacht ar fhreagra'.</p>	
<p>Déan 'cluiche' den cheisteoireacht</p> <p>Tabhair gné 'cluiche' isteach sa cheisteoireacht.</p>	<p>Seo roinnt bealaí ina bhféadfaí gné súgartha a chur isteach sa cheistiú:</p> <p>An féidir leat an freagra/ráiteas sin a thiontú ina cheist? An dtig leat do cheisteanna dúnta a oscailt agus do cheisteanna oscailte a dhúnadh? Imir 20 ceist.</p>	
<p>Déan tairbheach é</p> <p>Caithfidimid na ceisteanna a chuirtear a mholadh agus a cheiliúradh agus ní hé go díreach na cinn ghéara a aimsíonn an sprioc, ach freisin na cinn níos leithne, a bhíonn saothrúil uaireanta.</p>	<p>Cruthaigh spás sa seomra ranga ina gcuirtear ceisteanna scoláirí ar taispeáint. Nó biodh ceist an lae/ na seachtaine agaibh?</p>	
<p>Déan nós de</p> <p>Bíodh an ceistiú ina ghnás agaibh ionas go bhfeicfidh scoláirí é mar chuid lárnach den chaoi a smaoiníonn agus a bhfoghlaimíonn daoine</p>	<p>Cuir céim mheiteachognaíoch isteach i gcleachtaí traenáil ceistithe inar féidir le scoláirí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar úsáid siad ceistiú agus an méid a d'fhoghlaim siad faoi a chur i bhfríotal.</p>	

Pleanáil le haghaidh ceistiú éifeachtach

Pleanáil conas a eagróidh tú an seomra agus na hacmhainní a bheidh de dhíth

Socraigh na scoláirí sa chaoi gur féidir leo a chéile a chloisteáil agus a fheiceáil chomh maith leis an múinteoir. Seans go gcaithfeá cathaoireacha a athshocrú ina gcruth U nó d'fhéadfadh na scoláirí bogadh agus 'crochadh' gar dá chéile. Nó b'fhéidir go mbogfá go cúl an tseomra ionas gur ar an gceist a dhíreofar aird agus ní ar an múinteoir.

Pleanáil conas a chuirfidh tú tús leis an seisiún ceistithe

Beidh sé deacair agat cur suas leis an gciúnas sa seomra ranga ach seans go sílfeadh na scoláirí é a bheith mearbhloch nó bagrach. Mínigh cén fáth a mbeidh ciúnas ann in amanna.

Pleanáil conas a bhunóidh tú na bunrialacha

Má tá tú ag cloí le 'Cosc ar lámha in airde' ansin beidh ort a mhíniú do na scoláirí. B'éigean do roinnt múinteoirí iarraidh ar a gcuid scoláirí suí ar a lámha go mbeadh cuimhne acu gan a lámha a chur suas. Beidh cead ag scoláirí a lámh a ardú chun ceist a chur, mar sin de má ropann siad a lámh suas san aer fiafraigh díobh cén ceist a ba mhaith leo a chur. Seans freisin go bhfuil scoláirí cleachta le freagraí gearra, mar sin de thiocfadh leat riail a thabhairt isteach faoi fhad freagraí m.sh. 'ní mór ar a laghad cúig fhocal a bheidh i do fhreagra'.

Pleanáil an chéad cheist a úsáidfidh tú

Pleanáil an chéad cheist agus smaoinigh conas a leanfaidh tú ort. Ní féidir é sin a phleanáil go beacht mar go mbeidh sé ag brath ar na freagraí a thugann scoláirí ach d'fhéadfá a phleanáil, mar shampla,

- freagra amháin a thógáil agus ansin fiafraí de dhaoine eile cad a shíleann siad faoin réasúnaíocht a tugadh
- cúpla freagra a thógáil gan aon trácht agus ansin iarraidh ar an gcéad duine eile a rá cad é atá mar an gcéanna nó difriúil faoi na freagraí sin

Pleanáil conas a thabharfaidh tú am machnaimh

- An gceadóidh tú 3-5 shoicind idir ceist a chur agus a bheith ag súil le freagra?
- An dtriallfaidh tú smaoinigh - péireáil - roinn le do scoláirí, ach 30 soicind a thabhairt chun labhairt le páirtneir sula roinntear an smaoineamh leis an rang?
- An úsáidfidh tú straitéis eile a thugann faill machnaimh do na scoláirí?

Pleanáil conas agus cén uair a chuirfidh tú do ladar isteach

An mbeidh ort do ladar a chur isteach ag am áirithe chun aird scoláirí a dhíriú arís nó chun straitéisí difriúla atá siad a úsáid a phlé? Bíodh roinnt ceisteanna réidh agat le cur le linn an cheachta chun seiceáil ar an dul chun cinn agus ar an bhfoghlaim atá siad a dhéanamh.

Na chéad chéimeanna eile againn a phleanáil

Táthar ag súil gur chabhraigh an cheardlann seo leat do chuid smaointeoireachta a fhorbairt faoi conas is féidir leat ceisteanna níos tábhachtaí a chur sa seomra ranga.

Iarrtar anois ort cúpla réimse a aithint inar mhaith leat do chleachtas a fheabhsú maidir le ceisteanna éifeachtacha a chur. Moltar duit tosú ar bhealach atá beag agus fócasaithe. Ba chóir duit, b'fhéidir, an t-athrú sa chleachtas a phleanáil le rang amháin ar dtús. Feictear do mhórán múinteoirí go bhfuil sé úsáideach an taithí atá acu ar cheistiú éifeachtach a phlé le múinteoirí eile agus cuntas a choinneáil ar aon deacrachtaí a bhíonn acu. Is tábhachtach freisin go gcuirfidh tú in iúl do do scoláirí cén fáth a bhfuil tú ag athrú do chleachtais agus conas a bheidh sé tairbheach dá gcuid foghlama. Chonaic roinnt múinteoirí freisin go gcabhraíonn sé má phléann tú na hathruithe le tuismitheoirí.

Úsáid an bhileog phleanála atá leis seo chun a shocrú conas atá rún agat éifeacht do cheistithe i do sheomra ranga a fheabhsú sna trí mhí atá amach romhainn. Sa cholún deireanach caith súil siar ar an tionchar atá ag an teicníc fheabhsaithe i do theagasc ar an bhfoghlaim i do sheomra ranga ag úsáid na dtrí cheannteideal seo:

- An rud a chuir iontas orm faoi fhreagairt mo scoláirí
- An rud a rinne mé
- An tionchar a bhí aige ar mo chleachtas.

B'fhéidir go mbeadh **cártaí ráiteas finné 4-5** úsáideach agat mar gur scéalta iad ó mhúinteoirí eile ag amharc siar ar éifeacht a gceistithe sa seomra ranga.



*Cén rud é ceist, a fhiafraíonn tú?
Gach rud. Is bealach e chun freagairt
spreagúil a dhúiseacht nó chun
fiosrúchán a chur ó mhaith. Is é,
dáiríre, croílár an teagaisc é.*

John Dewey



Na chéad chéimeanna eile a phleanáil:

Bileog phleanála

Amscála/Rang	Príomhréimse atá le forbairt	Breathnuithe/Machnaimh



Ceisteanna le plé ag cruinniú pleanála ábhair

Is féidir go socróidh scoil go ndíreoidh sí ar Mheasúnú mar an tríú réimse aici i bhFéinmheastóireacht Scoile. D'fhéadfadh sí cinneadh a dhéanamh díriú go speisialta ar mheasúnú foirmitheach. B'fhiú na ceisteanna a leanas mar leideanna chun fianaise a bhailiú ag leibhéal roinn ábhair faoi chleachtas reatha maidir le measúnú foirmitheach. D'fhéadfadh torthaí an phlé ar na ceisteanna cur le plé na foirne uile agus ar deireadh cabhrú leis an scoil a buanna agus réimsí atá le forbairt a aithint maidir le measúnú foirmitheach a chuirfeadh ar a sheal bonn eolais faoi phlean feabhsúchán scoile.

Cad é an méid pleanála a dhéanaim/ a dhéanaimid le haghaidh ceistiú éifeachtach?

An bpleanálaim/bpleanálaimid eochaircheisteanna atá

- nasctha le hintinní foghlama?
- grádaithe go cúramach de réir deacrachta?
- oscailte den chuid is mó?

Conas is féidir liom/linn cultúr ranga a chruthú ina mbíonn gach scoláire páirteach i bhfreagairt ceisteanna éifeachtacha

An ndéanaim/ ndéanaimid

- scoláirí a spreagadh gan a lámha a chur suas
- am feithimh a cheadú
- a chinntiú go mbíonn an rang iomlán páirteach?
- comhoibriú a cheadú sula dtugtar freagra?
- tógáil ar gach freagra fiú ar na cinn atá mícheart?
- scoláirí a spreagadh chun cúiseanna a gcuid freagraí a mhíniú?

Conas is féidir linn samplaí de cheistiú éifeachtach a roinnt le chéile?

Conas is féidir linn ceisteanna éifeachtacha a úsáid mar chuid de phiarmhachnamh agus féinmhachnamh?

Conas is féidir linn tionchar ár gceistithe ar fhoghlaim scoláirí a mheas?

Féach Treoirínte le haghaidh Féinmheastóireacht Scoile do Scoileanna Iar-bhunoideachais

Cártaí Ráiteas Finné

Is é atá sna cártaí ráiteas finné seo cuntais ó mhúinteoirí a rinne iarracht a gceisteanna sa seomra ranga a dhéanamh níos éifeachtaí.

Ráiteas Finné 1

Múinim Stair agus bhí mo rang chéad bhliana ag foghlaim faoin saol i mainistir in Éirinn. Ba iad na príomhaintinní foghlama go mbeadh na scoláirí in ann

- úsáid a bhaint as eolas ó chuid mhór foinsí chun tuiscint a fháil ar shaol i mainistir sa 12ú céad in Éirinn
- cruthaitheacht a thaispeáint le linn cur síos a dhéanamh ar an saol san am

Thug mé an tasc seo dóibh – scríobh litir ag samhlú gur manach tú i mainistir sa 12ú céad in Éirinn, ag cur síos ar an gcineál saoil atá ann. Thug mé faoi deara, áfach, nach ndearna na scoláirí ach sleachta móra eolais a ghlacadh óna dtéacsleabhair agus d'aistrigh siad go dtí an chéad phearsa é agus mar sin ní **fior go raibh an tasc ag cur lena smaointeoireacht nó á doimhniú.**

Mar sin shocraigh mé go dtógfainn ar an tasc le tacar ceisteanna – Rinne na scoláirí obair i bpéirí leis na ceisteanna seo a phlé:

- Cad é an ghné de shaol manaigh a mbeadh dúil agat inti?
- Cad é an chuid dá shaol ba mhaith leat a athrú? Pléigh conas a thabharfá faoin athrú sin a dhéanamh?
- Dá mbeadh deis agat agallamh a chur ar mhanach a mhair san am sin cad iad na ceisteanna ba mhaith leat a chur air? (Smaoinigh ar níos mó ná atá ar eolas agat cheana ná a léigh tú i do théacsleabhar.)

Ansin don obair bhaile roghnaíonn na scoláirí ceist a bhfuil spéis acu inti agus déanann taighde ar an bhfreagra.

Annemarie, Múinteoir Staire

Ráiteas Finné 2

Múinim Eolaíocht agus rinne mo rang sa dara bliain staidéar le déanaí ar Fhótáintéis agus bhog muid uaithi sin go dtí Éiceolaíocht. Bhí muid ar tí oiriúnú rudaí beo a iniúchadh. Bhí mé ag iarraidh breathnú ar bhealaí chun 'ceist mhór' a úsáid mar dhóigh chun an suíomh a réiteach do cheacht agus iad a **spreagadh chun eolas a nascadh agus a eagrú.**

Ba iad na hintinní foghlama don cheacht go mbeadh ar chumas na scoláirí:

- cineálacha éagsúla plandaí a chur i gcomparáid agus i gcontrárthacht le chéile agus cur síos ar conas a théann plandaí i dtaithí ar a dtimpeallacht trí chineálacha éagsúla fótaisintéise a úsáid.

- a thuiscint go mbíonn éifeacht ag an timpeallacht ar rudaí beo agus go bhfreagraíonn rudaí beo d'athruithe a tharlaíonn sa timpeallacht

- hipitéis a chur is féidir a thástáil

Ó tharla gur fhoghlaim na scoláirí faoi fhótáintéis roimhe seo chuir mé an cheist neamhiata dhúshlánach seo chun scoláirí a spreagadh le smaoinemh faoin rud a bhí ar eolas cheana féin acu:

Má bhíonn solas gréine de dhíth ar phlandaí chun bia a dhéanamh, cén fáth mar sin nach bhfásann na plandaí is mó sna gaineamhlaigh mar a mbíonn sé grianmhar i gcónaí?

Philip, Múinteoir Eolaíochta

Ráiteas Finné 3

Is múinteoir Mata mé agus bhí mé ag iarraidh go ndéanfadh mo scoláirí chéad bhliana **coincheap (iolrú) a léiriú le sampla**

Ba iad na príomhintinní foghlama go mbeadh ar chumas na scoláirí

- oibriú an iolraithe a thuiscint

- iolrú a léiriú i léaráid
- fadhb iolraithe a fhuascailt ar níos mó ná aon bhealach amháin

Seo an cheist a chuir mé:

Fuascail an fhadhb a leanas ar dhá bhealach, bíodh léaráid le ceann de na modhanna agat: 37 x 42

Ráiteas Finné 4

Is múinteoir Béarla mé agus bhí mé ag iarraidh díriú ar cheisteanna a spreagann scoláirí chun **tacú lena Ráitis (dearbhuithe) agus lena léirmhínte**:

An rud a thug mé faoi deara: Nuair a thosaigh mé ar dtús ag fiafraí de scoláirí 'conas atá sin ar eolas agat?' thug mé faoi deara go raibh sé deacair acu freagraí a thabhairt dom a bhain leis an téacs a bhí á léamh againn. Mar shampla, ar ócáid amháin bhí muid ag léamh filíocht chogaidh agus nuair a d'fhiafraigh mé 'cad é an mothú a cheapann tú a bhí an t-údar ag iarraidh a chur in iúl?', dúirt scoláire amháin 'brón' agus nuair a d'fhiafraigh mé 'conas atá sin ar eolas agat?' dúirt sé 'mar go mbíonn cogadh brónach', agus nuair a thochail mé tuilleadh thuig mé go raibh baint ag an bhfreagra aige lena thuiscint ar chogadh agus ní ar an téacs a bhí á léamh againn. Nuair a thug

mé scoláirí eile isteach sa cheistiú thuig mé go raibh a mbunús ag freagairt ar bhealach a bhí cosúil leis sin agus nár bhain a smaointeoireacht leis an téacs in aon chor. Is cinnte go ndearna sé sin mo shúile dom.

An tionchar a bhí aige sin ar mo chleachtas: Anois, i mo chuid ranganna uile cinntím go gcosnaíonn scoláirí a gcuid freagraí ag tagairt do théacs. Bíim i gcónaí ag iarraidh ar scoláirí fianaise agus fírinniú a thabhairt dom ar a gcuid freagraí. Thug sin orm ceisteanna a chur a spreagann scoláirí chun fianaise a úsáid le tacú lena mbarúlacha agus a léirmhínte. Anois ó tharla go gcaithfidh siad a bhfreagraí a mhíniú ó bhéal, is amhlaidh a chuaigh sé sin isteach ina gcuid obair scríofa agus leagann siad amach a gcuid freagraí go críochnúil gan mise leid a thabhairt dóibh.

Kevin, múinteoir Béarla

Ráiteas Finné 5



Shocraigh mé go raibh mé ag iarraidh ceisteanna a chur a **threoraíonn scoláirí chun freagairt dá chéile**, mar de ghnáth is mise a fhreagraíonn do gach freagra a thugann scoláirí ar mo cheisteanna.

An rud a thug mé faoi deara: D’amharcainn thart i gcónaí agus thugainn ar a laghad triúr isteach i bpróiseas an cheistithe. Deirinn rudaí mar ‘A Sheáin, cad é do bharúil ar an rud a dúirt Máire? An aontaíonn tú léi? Dhéanadh siad seithgháire ar dtús agus deireadh siad rudaí mar ‘Aontaím, cinnte’ agus deirinn ‘Cén fáth a n-aontaíonn tú?’ Nó uaireanta deirinn rudaí mar ‘An bhfuil éinne in ann an rud a dúirt Seán a rá ar bhealach eile?’ Sa deireadh shocraigh siad agus thosaigh ag glacadh páirt níos mó sa phlé. Bhreacainn síos ainmneacha daoine ar chuir mé ceist orthu chun nach mbeinn ag cur ceisteanna ar na daoine céanna i gcónaí.

An rud a chuir iontas orm faoi fhreagraí na scoláirí: Is cinnte gur thosaigh mo scoláirí ag tabhairt níos mó airde de réir mar a thuig siad go bhféadfaí iad a tharraingt isteach sa cheistiú ach is é an t-iontas is mó a bhí orm gur thosaigh siad ag

cur níos mó ceisteanna orm amhail is gur bhraith siad “Maise, caithfidh mise a oibriú amach cad é atá ar siúl, seans go gcuirfidh sí ceist ormsa”.

Is dóigh liom an rud is mó a chuir iontas orm nach raibh barúil dáiríre acu roimhe sin agus ghlacfaid siad leis cibé duine a thug an freagra go raibh an ceart aige. Ghlac sé tamall tabhairt ar dhaoine barúil a nochtadh.

An tionchar a bhí aige sin ar mo chleachtas: Thug ceistiú mar sin orm a thuiscint mar is ceart go mbaineann sé uile lena fháil amach cad é atá ar eolas ag na scoláirí agus mo cheachtanna a chur in oiriúint dá réir. Is féidir liom gach rud is maith liom a chlúdach ach mura dtuigeann na scoláirí agus mura bhfuil siad ag glacadh páirte a fhad is atá mé ag dul ar aghaidh is é rud atá mé ag cur mo chuid ama amú. Anois bíim i gcónaí ag seiceáil le mo scoláirí chun a fheiceáil cad é go díreach a thuigeann siad.

Máire: Múinteoir Staire agus Tíreolaíocht

Pléchártaí

Is féidir cártaí a ghearradh amach agus a úsáid chun plé i mionghrúpaí a spreagadh mar chuid de chruinniú leis an bhfoireann uile nó de chruinniú pleanála ábhair.

Pléchárta 1

Is mar seo a oibríonn smaoinigh, péireáil, agus roinn...

- Cuireann an múinteoir ceist agus ceadaíonn sé am smaointeoireachta
- Cuireann scoláirí freagra aonair le chéile.
- Roinneann scoláirí an freagra le páirtí.
- Éistean siad go cúramach le freagra a chéile.
- Ansin cruthaíonn siad freagra nua atá níos fearr ná na chéad iarrachtaí trí thógáil ar smaointe a chéile.

Cearnóg (síneadh ar smaoinigh, péireáil, roinn)

Tar éis do scoláirí smaoinigh, péireáil agus roinn a dhéanamh is féidir leo dul le péire eile le cearnóg a dhéanamh. Tugann sin deis dóibh freagra níos fearr arís a chur le chéile trí thógáil ar an gcéad fhreagra a bhí ag an dá phéire.

Pléigh conas a dhéanfa an smaoineamh seo a úsáid nó a oiriúnú i do sheomra ranga.

Pléchárta 2

Coinnigh an cheist ag dul

Bíonn cathú ar mhúinteoirí go minic bogadh ó cheistiú go luacháil sula mbíonn éifeacht iomlán ag an bplé ar fhoghlaim scoláirí. Is minic a thagann an claonadh seo chun clabhsúr sciobtha a chur ar an bplé ar cheist ó bheith ag iarraidh bogadh ar aghaidh agus níos mó talaimh a chlúdach. Tá mórán fianaise ann, áfach, a thugann le tuiscint gur fearr a fhoghlaimíonn páistí trí dheiseanna a bheith acu chun ceisteanna a fhiosrú níos doimhne. Nuair a mhaolaítear an luas, is féidir le ceisteanna seans iontach a chur ar fáil chun mórán páistí a chur ag smaoineamh agus chun monatóireacht a dhéanamh

ar an bhfoghlaim agus í ag tarlú.

Cuir ceist ar scoláire amháin agus fiafraigh de scoláire eile an bhfuil an freagra ceart. Ansin iarr ar an tríú scoláire a mhíniú cén fáth a bhfuil an chuma sin air. In áit a bheith ag freagairt 'An bhfuil tú cinnte?', déan freagra a fhiosrú le 'An ndéarfaidh tú beagán eile faoi sin?' Tá níos lú de bhagairt ansin ná ceist atá níos fiosraí, 'Cad é atá i gceist agat leis sin?'

Pléigh conas a dhéanfa an cur chuige seo a úsáid nó a oiriúnú i do sheomra ranga

Plécharta 3

Sa Suíochán Te

Seans go bhfuil taithí agat ar an straitéis a bhaineann le scoláire a chur i *Suíochán Te*, agus é i ról carachtair ó fhicsean nó ón stair, nó i ról duine ó áit eile sa domhan nó duine a bhfuil dúshlán ar leith aige. Ní mór don rang smaoineamh ar cheisteanna lena gcur ar an gcarachtar agus freagraíonn an duine sa *Suíochán Te* na ceisteanna ó dhearcadh an charachtair. I gcás scoláirí níos óige, is fearr é má bhíonn an múinteoir sa *Suíochán Te* go dtí go n-éiríonn na scoláirí cleachta leis an mbealach a oibríonn sé.

Tá roinnt bealaí eile is féidir é a dhéanamh, mar shampla, ceisteanna a ullmhú roimh ré nó plé painéil a eagrú le roinnt aionna sa *Suíochán Te* nó sna *Teospotaí*. Éiríonn leis na straitéisí sin uile na scoláirí a chur ag ceistiú agus ag smaoineamh ó dhearcthaí éagsúla.

Pléigh conas a dhéanfa an smaoineamh seo a úsáid nó a oiriúnú i do sheomra ranga.

Plécharta 4

Freagraí malartacha a chruthú

Is féidir an mhodheolaíocht seo a úsáid chun gur féidir le scoláirí smaointe a ghiniúint agus a shíneadh, chun gur féidir leo a bheith níos solúbtha ina gcuid smaointeoireachta agus freagraí malartacha a lorg in áit go díreach socrú ar an gcéad fhreagra a thagann aníos.

Ábhair atá de dhíth: Cóip den téacs le tacar ceisteanna agus tacar de rólchártaí do gach grúpa.

1. Cuir scoláirí i ngrúpaí (3 nó 4) agus na róil seo a leanas acu:

Léitheoir: Léann sé an téacs os ard don ghrúpa.

Seiceálaí tuisceana: Léann sé na ceisteanna chun a chinntiú go dtuigeann gach duine sa ghrúpa conas gach ceist a fhreagairt.

Taifeadóir: Taifeadann sé 3 cinn nó níos mó de fhreagraí maithe ar gach ceist agus cuireann sé ciorcal thart ar an gceann is fearr leis an

ngrúpa. Cinntíonn sé go n-aontaíonn baill an ghrúpa leis an bhfreagra a bhfuil ciorcal thart air.

Tuairisceoir: Tugann sé tuairisc don rang thar ceann an ghrúpa.

2. Míniú an tasc: caithfidh gach grúpa an téacs a léamh, 3 fhreagra maithe ar a laghad a chruthú do gach ceist agus ansin aontú ar an gceann is fearr.
3. Nuair a bhíonn na grúpaí críochnaithe is féidir leo a bhfreagraí a chur i gcomparáid le freagraí grúpa eile atá cóngarach dóibh, nó is féidir leis an múinteoir aiseolas a ghlacadh ón tuairisceoir nó a iarraidh ar scoláirí go randamach ó gach grúpa freagraí a ngrúpa a mhíniú.

(Arna oiriúnú ó Johnson, Johnson & Holubec, Advanced Cooperative Learning, lgh. 13-20)

Pléigh conas a dhéanfa an smaoineamh seo a úsáid nó a oiriúnú i do sheomra ranga.

Pléchárta 5

Ag tabhairt ‘am feithimh’

Tharla an nóiméad ‘eureka’ sin dúinn uile nuair a d’oibrigh muid rud éigin amach dúinn féin, ach mar mhúinteoirí an séanaimid an nóiméad sin ar roinnt de na scoláirí trí fhreagra ar an toirt a iarraidh nó tríd an cheist a rá róthapa ar bhealach eile. Tá sé an-tábhachtach go dtugtar go leor ama do scoláirí chun iarracht ar fhreagra a chur le chéile. Fuarthas amach i dtaighde má mhéadaítear ar an ‘am feithimh’

- go mbíonn freagraí níos faide
- go mbíonn laghdú ar an méid freagraí nach dtugtar
- go mbítear níos muiníní ag tabhairt freagraí
- go dtugann scoláirí dúshlán freagraí scoláirí eile/ nó go gcuireann siad feabhas orthu
- go dtugtar níos mó mínithe malartacha

An riail ‘cosc ar lámh a chur in airde’

Bhí muid uile i gcainteanna ina gcuireann an t-éascaitheoir ceist agus fanaimid go gcuireann duine díograiseach suas a lámh agus ansin is féidir linne a bheith ar ár suaimhneas. Tá sé sin fíor faoinár scoláirí freisin. Bíonn claonadh acu stopadh de smaoineamh nuair a chuireann roinnt daoine sa rang a lámh suas. Má úsáidimid an riail ‘cosc ar lámh a chur in airde’, táimid ag spreagadh gach scoláire chun smaoineamh faoi fhreagra na ceiste, agus féadann an múinteoir duine ar bith a roghnú le freagra a thabhairt.

Pléigh: Má úsáideann tú ‘am feithimh’ cheana féin agus an riail ‘cosc ar lámh a chur in airde’ i do sheomra ranga, cad iad na tairbhí a fheiceann tú? Murar thriail tú e sin, cad iad na tairbhí no na dúshláin a bheadh ann, dar leat?

Pléchárta 6

Tabhair ar na scoláirí plé a dhéanamh ar fhreagraí eile is féidir a thabhairt

Má bhíonn tú ag úsáid ceisteanna chun seiceáil a dhéanamh ar conas atá scoláirí ag forbairt a dtuisceana, is féidir leat in amanna an gnáthord a athrú – cuireann an múinteoir ceist, freagraíonn an scoláire agus déanann an múinteoir measúnú.

In áit seisiún ‘ceist agus freagra’ den chineál sin a réachtáil, féach le roinnt freagraí ar cheisteanna a bhailiú gan freagairt dóibh. Ansin iarr ar na scoláirí dul i bpéirí, nó obair i ngrúpaí le freagraí a mheas. Agus tú á dhéanamh sin, is féidir leat an claonadh a mhaolú a bhíonn ag do scoláirí an freagra ceart a thabhairt gan mórán smaoineoireachta a dhéanamh air, b’fhéidir cionn is gur mhaith leo tú a shásamh nó tú a chur díobh! Cuirfidh tú níos lú ceisteanna, ach leis na cinn a chuirfidh tú spreagfaidh tú níos mó smaoineoireachta agus déanfaidh tú rudaí níos soiléire.

Úsáid freagraí scoláirí, go háirithe freagraí atá contráilte.

Tugann freagraí contráilte deis an-luachmhar chun tuiscint scoláire a sheiceáil agus a fhorbairt. Ná bí ag déanamh breithiúnas luath ná ag tabhairt an fhreagra atá ceart. Déan iarracht gan an mhír dhiúltach a úsáid agus tú ag freagairt do fhreagra atá mícheart. Ina áit sin úsáid ceisteanna éagsúla seiceála: An bhfuil tú cinnte? An ndéarfadh tú níos mó faoi sin? Cén fáth a gceapann tú é sin? An aontaíonn aon duine leis an bhfreagra sin? An bhfuair aon duine freagra eile? Cad é an freagra ba chóir a bheith ann, i do bharúil? Is é an sprioc ba chóir a bheith ann an earráid a cheartú trí phlé.

Pléigh conas a dhéanfa an smaoineamh seo a úsáid nó a oiriúnú i do sheomra ranga

Póstaeir

Tá póstaeir ar na leathanaigh a leanas is féidir a úsáid mar chuid de cheardlann chun na gníomhaíochtaí sa leabhrán seo a dhaingniú.



7 gCéim chuig Ceistiú Éifeachtach

Úsáid an riail 'cosc ar lámh a chur in airde'. Nuair a bhítear ag croitheadh láimhe san aer cuireann sé stad le smaointeoireacht. Má úsáideann tú an riail 'cosc ar lámh a chur in airde' bíonn deis ag gach duine smaoineamh ar an bhfreagra.

Cruthaigh atmaisféar ranga ina spreagtar ceistiú. Ciallaíonn sé sin ceisteanna scoláirí a spreagadh agus spás a chruthú ina gceadaítear freagraí éagsúla a thabhairt. Ansin is féidir na freagraí uile, idir cheart agus mhícheart, a úsáid chun tuiscint a fhorbairt.

Pleanáil do cheisteanna. Má phleanálann tú do cheisteanna roimh an rang fágfaidh sin na ceisteanna níos fócasaithe. Ná cuir ceisteanna reitriciúla ná ceisteanna a dtugann tú féin na freagraí orthu.

01

07

02

Ceadaigh 'am feithimh'. Ceadaigh go leor ama chun gur féidir le scoláirí smaoineamh agus freagra a chur le chéile sula nglacann tú le freagraí. Ciallaíonn sé sin go bhfanfaidh tú roinnt mhaith soicindí.

06

03

Cuir níos lú ceisteanna. Cuir ceisteanna is fíú a chur. Fiafraigh díot féin arbh fhearr a d'éireodh le scoláirí mura gcuirfinn an cheist seo.

05

04

Ná cuir moll ceisteanna go tiubh i ndiaidh a chéile. Is féidir go mbeidh an cur chuige ar luas lasrach seo úsáideach i dtráth na gceist boird ach nuair a úsáideann an múinteoir ag barr an ranga é tá seans ann go gcuirfidh sin na scoláirí i scaoll rud a dhúnfaidh a gcuid smaointeoireachta.

Bíodh ceisteanna de chaighdeán níos airde agat. Déan machnamh ar chuspóir do cheiste. Más maith leat seiceáil a dhéanamh ar a gcuid eolais, cuir ceist dhúnta (i.e. ceist a bhfuil freagra ceart air). Más maith leat a dtuiscint a fhiosrú nó smaointeoireacht a spreagadh, cuir ceist oscailte.

Fan go díreach trí shoicind

Léiríonn taighde fiú mura gcuirtear ach trí shoicind nó níos mó leis an am idir ceist a chur agus freagraí a ghlacadh...

Go dtugann níos mó scoláirí freagraí

Go dtugann scoláirí nach bhfuil chomh cumasach freagraí

Go mbíonn níos lú freagraí 'níl a fhios agam' ann

Go dtugann scoláirí freagraí níos faide

Go mbíonn freagraí níos doimhne agus níos cruthaithí



Go mbíonn freagraí níos muiníní ann

Go dtugann scoláirí dúshlán freagraí scoláirí eile agus/nó go bhfeabhsaíonn siad iad

Go dtiocfaidh níos mó ceisteanna ina dhiaidh sin ó na scoláirí



Ceisteanna Oscailte, **intinn oscailte**



Aguisín: Gluais

Torthaí Foghlama

Is ráitis i sonraíochtaí curaclaim iad na torthaí foghlama chun cur síos a dhéanamh ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

Intinní Foghlama

Is ráiteas é an intinn foghlama a chruthaíonn an múinteoir le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna, a chuireann síos go soiléir cad é is mian leis an múinteoir a bheadh a fhios ag na scoláirí, a thuigfeadh siad agus a bheadh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

Critéir Ratha

Bíonn na critéir ratha nasctha leis na hintinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus déanann siad cur síos ar an *gcuma* a bheadh ar iarracht rathúil.

Measúnú Leanúnach

Mar chuid dá gcuid oibre sa seomra ranga, tugann scoláirí faoi ghníomhaíochtaí measúnaithe ar féidir leo a bheith foirmitheach nó suimitheach ina ndéanamh. Déanann múinteoirí measúnú mar chuid dá gcleachtas laethúil trí bhreathnú agus éisteacht le linn do scoláirí a bheith i mbun tascanna, trí amharc ar an méid a scríobhann siad agus a dhéanann siad, agus trína chur san áireamh an chaoi a bhfreagraíonn siad, a gcumann siad agus a gcuireann siad ceisteanna. Úsáideann múinteoirí an t-eolas measúnaithe seo chun cabhrú le scoláirí na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama a phleanáil. Ó am go chéile, beidh an measúnú seo i suíomhanna níos struchtúrtha agus níos foirmiúla ina mbeidh ar mhúinteoirí léargas a fháil ar dhul chun cinn na scoláirí d'fhonn cinntí a dhéanamh ar phleanáil don todhchaí agus d'fhonn tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn. Seans go mbeidh ar scoláirí tionscadail, imscrúduithe, cás-staidéir agus/nó teisteanna a dhéanamh mar chuid de sin agus seans go dtitfidh sé amach ag pointí ama ar leith ar fhéilire na scoile.

Measúnú Foirmitheach

Bíonn measúnú foirmitheach (nó múnlaiteach) nuair a úsáidtear nósanna imeachta foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise a bhailiú ar an bhfoghlaim le linn an phróisis fhoghlama, agus a úsáidtear é chun an teagasc a chur in oiriúint do riachtanais scoláirí. Ligeann an próiseas seo do mhúinteoirí agus do scoláirí eolas a bhailiú faoi dhul chun cinn scoláirí, agus coigeartuithe a mholadh i leith chur chuige teagaisc an mhúinteora agus cur chuige foghlama an scoláire. Clúdaíonn measúnú chun foghlama na gnéithe uile den mheasúnú foirmitheach ach go mbíonn sé dírithe go speisialta ar ról gníomhach a bheith ag an scoláire ina c(h)uid foghlama.

Measúnú Suimitheach

Bíonn an measúnú suimitheach nuair a úsáidtear é chun luacháil a dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama áirithe. Is é an cuspóir atá leis achoimre a thabhairt ar chuid éachtaí scoláirí agus a oibriú amach cé acu agus go dtí cén pointe a léirigh scoláirí tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomórtas le critéir ratha nó gnéithe cáilíochta comhaontaithe.

Gnéithe Cáilíochta

Is iad seo na ráitis i sonraíochtaí an ábhair a úsáidtear chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán. De bhrí go bhfuil critéir ratha nasctha go dlúth le hintinní foghlama agus bunaithe ar phróisis laethúla an tseomra ranga, de réir a chéile beidh foghlaim scoláirí ina léargas ar na riachtanais a leagtar amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear le haghaidh teistiúcháin.

Breis léitheoireachta

The Right Question the Right Way: What do the questions teachers ask in class reveal about student learning?

Dylan Wiliam, (2014). Educational Leadership. Ar fáil ag

Inside the black box: Raising standards through classroom assessment (Paul Black agus Dylan Williams, King's College, Londain, 1998)

Visible learning for teachers maximising impact on learning (John Hattie, Routledge 2012)

Embedded Formative assessment (Dylan Wiliam, Solution tree 2011)

Formative Assessment in Action (Shirley Clarke, Holder Murray, 2005)

Suíomhanna Gréasáin úsáideacha

Uirlisí Úsáide Measúnaithe


Suíomh Gréasáin Dylan Wiliam

An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta

Suíomh Gréasáin Geoff Petty

Grúpa Measúnaithe King's College

Creidiúint: Is mian leis an CNCM aitheantas a thabhairt don Chomhairle Churaclaim, Scrúdaithe agus Measúnachta, Tuaisceart Éireann (www.rewardinglearning.org.uk) agus do Education Scotland (www.journeytoexcellence.org.uk) agus buíochas a ghlacadh leo as ábhair a úsáid sna leabhráin seo.



35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath D02 KH36.
T: +353 1 661 7177 F: +353 1 661 7180 E: info@ncca.ie

www.ncca.ie